

## An Luan – Creideamh



POBAIL INA MBÍONN ...

**CREIDEAMH**  
**FOGHLAIM**  
**GRÁ**  
**TEACHT ANIAR**  
**DÓCHAS**



# An Luan – Creideamh

25 Eanáir 2021

## Réamhrá:

Bhí ár ndaonnacht, freagairt an phobail, ár gcreideamh is ár ndúthracht mar lóchrann a las an bealach roimh go leor daoine i rith na dorchachta is na deacrachtaí a tháinig anuas orainn le déanaí. Déanaimis an lóchrann seo a adhaint mar lasair shoiléir os comhair cách a chinnteoidh nach bhfágтар daoine ar a gconlán féin agus muid ag iarraidh saol seasta a chaitheamh amach anseo.

An Deagánach Brian Williams (tógtha ón *Irish Catholic* 18/6/20)

**Eochairfhocail:** Creideamh, Dílseacht, Dúshlán, Teacht Aniar, Freastal, Pobal, Gréasán.

## Gníomhaíochtaí:

1. Éist leis an amhrán 'Faithful' le Randy Stonehill agus freagair na ceisteanna thíos.w.

**Amhrán:** <https://youtu.be/oy4yHoxhIBE>

**Liricí:** <https://genius.com/Randy-stonehill-faithful-lyrics>

Conas mar a chabhraíonn dílseacht Dé linn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar dheacrachtaí na linne seo, laethanta an bhuairimh is an chrá?

---

---

---

---

Le míonna beaga anuas tharla sé gur thit daoine áirithe in 'umar na haimléise'. Conas is féidir le grá Dé agus an freastal a dhéanaimid ar an duine eile, cabhrú linn i measc an phobail nó sa ghréasán sóisialta le teacht chugainn féin ar bhealach stuama dearfach?

---

---

---

---





2. Éist leis an amhrán 'I Believe in the Sun' le Carey Landry agus freagair na ceisteanna thíos.

**Amhrán:** <https://youtu.be/OUH1IGjU9B4>

**Lirici:** <https://www.flickr.com/photos/apolakay/4019682960>

'Creidim go mbeidh bealach éigin ann i gcónaí'. I rith na míonna seo caite cuireadh go leor dúshlán roimh a lán daoine ó thaobh a gcuid oibre de, nó sa bhaile, nó ina saol spioradálta féin. Ón taithí atá agat, conas mar a thug daoine freagairt chruthaitheach shamhlaíoch ar na dúshlán sin?

---

---

---

---

'Creidim go gcuireann sé glao orainn'. Cén glao a chuir Dia orainn le tamall beag anuas ó thaobh oibre, nó urnaí, nó trí fhreastal a dhéanamh ar an duine eile?

---

---

---

---

### **Machnamh an Lae:**

**Scriptúr:** 'Is é rud é creideamh ná urra go bhfaighimid na nithe a bhfuilimid ag súil leo, agus cruthú gur ann do na nithe nach bhfeicimid' (Eabh 11:1).

**Machnamh:** Threoraigh an creideamh reiligiúnach agus na luachanna a bhí ag cuid mhaith daoine mar lóchrann geal iad trí dheacrachtaí na bliana 2020. Bíonn an creideamh agus na luachanna sin mar shólás dóibh ag an am dúshlánach seo. Is minic a chuireadar stró orthu féin freastal ar an mhuintir leochaileach, agus orthusan nach raibh an teacht aniar céanna iontu. Ní raibh sé éasca dóibh a leithéid a dhéanamh, ach d'éirigh le pobal an chreidimh bealaí úra a aimsiú le cabhrú leis na daoine uireasacha.

Tá Powerpoint an Luain ar fáil don mhachnamh/urnaí seo.





**Obair Bhreise – Téama an Chreidimh**

*Tabhair freagairt phearsanta ar na ráitis seo mar gheall ar an gcreideamh.*

‘Bronnann an creideamh neart inmheánach orainn, cothromaíocht agus dearcadh stuama ar an saol’.

– **Gregory Peck**

---

---

---

---

‘Creidim sa Chríostaíocht faoi mar a chreidim gur éirigh an ghrian: ní hamháin toisc go bhfeicim an ghrian, ach toisc go bhfeicim gach rud eile faoi sholas na gréine chomh maith.’

– **C.S. Lewis**

---

---

---

---

‘Bíodh creideamh agat; ní thréigfidh an Tiarna tú ... Is é Dia an solas a lasann an dorchacht, fiú mura gcuireann sé an ruaig go hiomlán air. Tá rian an tsolais dhiaga i ngach duine againn.’

– **An Pápa Proinsias**

---

---

---

---

‘Níor chuir Dia glao orm le go mbeadh rath orm; Chuir Dia glao orm a bheith dílis.’

– **An Mháthair Teresa**

---

---

---

---

‘Is é rud é creideamh ná urra go bhfaighimid na nithe a bhfuilimid ag súil leo, agus cruthú gur ann do na nithe nach bhfeicimid’.

– **Naomh Pól, (Eabh 11:1)**

---

---

---

---